Héileacaptar Páipéir

Ullmhúchán

RANG	Rang a haon go rang a sé
CUSPÓIRÍ	**Snáithe agus Snáithaonaid** **Fuinneamh agus Fórsaí** Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste: a thuiscint gur fórsa í an domhantarraingt OSIE: Eolaíocht leathanach 87. Sa ghníomhaíocht seo déanfaidh na páistí iniúchadh ar an mbealach a dtiteann rudaí, conas a bhíonn tionchar ag méid na rótar agus ag an meáchan ar an mbealach a chasann héileacaptar páipéir.
	Forbairt scileanna Trí snáithaonaid an churaclaim eolaíochta a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste turgnaimh shimplí a dhearadh, a bheartú agus a chur i gcrích, athróg amháin nó dhó agus a rialú a chur san áireamh, mar aon leis an riachtanas tascanna agus trialacha a chur i seicheamh, OSIE: Eolaíocht leathanach 79. Cabhraíonn an ghníomhaíocht seo chun tuiscint a thabairt ar cad is triail chothrom ann trí athróg amháin (m.sh. cruth nó fad) a athrú ag an am. Ag imscrúdú; ag tástáil; ag breathnóireacht; ag anailísiú; ag tomhas ama; ag clárú agus ag cur in iúl.
NASCADH	**Matamaitic** Sonraí / Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú **OSIE: Stair** Leanúnachas agus athrú le himeacht ama/dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, thar thréimhsí fada.
CÚLRA	Thabharfadh sé cabhair, ach níl sé riachtanach, dá mbeadh obair déanta ag na páistí ar conas a thiteann rudaí (Galileo agus an tuar i bPisa a mhíníonn nach mbíonn meáchan san áireamh).
ÁBHAIR/ FEARAS	Páipéar, rialóir, fáiscíní páipéir, siosúir Fíoraí de mhéid éagsúla
ULLMHÚCHÁN	Bain triail as roinnt páipéar/cairtchlár éagsúil chun a chinntiú go gcasann cuid acu.
CÚLRA EOLAÍOCHTA	Is é cruth na rótar a chasann an héileacaptar nuair a ligtear dó titim ó airde. Tarraingíonn domhantarraingt an héileacaptar anuas. Cuireann an t-aer in aghaidh na titime agus brúnn an t-aer ina gceann agus ina gceann ar na lanna rud a chasann an héileacaptar.



Héileacaptar Páipéir

Gníomhaíocht

AN COMHTHÉACS A BHUNÚ

Nuair atá eitilt á phlé againn tá go leor rudaí i gceist. Eitlíonn rudaí áirithe ach bíonn rudaí eile ag snámh nó ag scinneadh san aer. Cad atá ar siúl acu seo a leanas – eitleán agus éanlaithe, faoileoirí agus sionnaigh scinneadh, balúin?

Bíodh fáil ag páistí ar phictiúir de rudaí ag eitilt ionas gur féidir leo iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

Pléigh eitleáin – conas a bhíonn orthu a bheith de shíor ag gluaiseacht chun eitilt a dhéanamh. Mar sin conas is féidir le héileacaptar seasamh san aer? (Bíonn na rótair ag gluaiseacht).

Nuair a thiteann síolta den seiceamar cad a tharlaíonn? Déan cur síos ar a dtarlaíonn.

SPRIOC-CHEISTEANNA

Cad iad na gnéithe a bhaineann le héileacaptar maith?

Déan héileacaptair éagsúla agus socraigh cén ceann is fearr chun eitilte.

Cad is brí le "an ceann is fearr"? An é an ceann a chasann níos mó ná na cinn eile?
Nó an é an ceann a thógann an t-am is faide chun tuirlingt?

BA CHÓIR GO DTIOCFADH NA PÁISTÍ AR FHREAGRA.

FORBAIRT AR AN NGNÍOMHAÍOCHT

Lig do rudaí éagsúla titim ó airde agus tabhair faoi deara conas a thiteann siad. Má ligtear do bhileoga páipéir, ceann brúite ina liathróid agus an ceann eile gan a bheith brúite, titim ó airde is féidir an comhthéacs a bhunú.

SÁBHÁILTEACHT

Tabhair aire, má tá páistí ag seasamh ar bhoird nó ar chathaoireacha chun na héileacaptair a scaoileadh saor.

GNÍOMHAÍOCHT

Déan na héileacaptair as na fíoraí agus breathnaigh conas a chasann siad nuair a ligtear anuas iad.



Déan na lanna a lúbadh i dtreo eile agus breathnaigh arís. An bhfuil aon difríocht an t-am seo?

Anois déan athraithe eile ina gceann is ina gceann – fad na lann, an saghas páipéir nó cairtchláir, uimhir na bhfáiscíní páipéir agus araile.

Héileacaptar Páipéir

Déan na héileacaptair as na teimpléid seo a leanas





Athbhreithniú

ATHBHREITHNIÚ	Cad a thug na páistí faoi deara faoin mbealach a chasann na héileacaptair? Ar chas siad deiseal nó tuathal? Conas is féidir treo an chasta a athrú? An bhfuil aon tionchar ag meáchan (líon na bhfáiscíní páipéir) ar treo an chasta? Cad iad na tosca is fearr chun héileacaptar a dhéanamh? **Héileacaptair – rudaí a d'fhéadfadh a tharlú** Dá héileacaptair inchurtha *a) Níos mó fáiscíní páipéir: casann an ceann is troime níos mó agus tuirlingíonn sé níos sciobtha.* *b) Bíodh 'captar amháin le lanna níos faide ná an ceann eile: tógann an ceann leis na lanna fada níos mó ama ag tuirlingt (tá achar na lanna níos mó agus cuireann friotaíocht an aeir níos mó ina choinne – smaoinigh ar pharaisiút).* Ceann níos mó ná ceann eile *Sroicheann an ceann is lú an talamh níos scríobtha (níos lú achair agus ní mór a chuireann an fhriotaíocht ina choinne).*
MEASÚNÚ	Is féidir leis na páistí breacléaráidí a bhfuil nótaí curtha leo a dhéanamh a thaispeánfaidh conas mar a thit na héileacaptair. D'fhéadfaí héileacaptair eile a thabhairt dóibh agus ceist a chur orthu míniú a thabhairt faoin mbealach a dtitfidh siad. Is féidir mapáil choincheapa a úsáid chun tuiscint níos fearr a thabairt do na paistí faoi fhorsaí.
LEATHNÚ	Graif a dhéanamh, mar shampla • Fad na lann / minicíocht an chasta (Bíodh uimhir na fáiscíní agus an airde óna scaoiltear na héileacaptair mar an gcéanna) • Uimhir na fáiscíní / minicíocht an chasta (Bíodh fad na lann buan) **Ceistigh na páistí faoi:** • Cad eile a d'fhéadfaidís a fháil amach? • Conas a bhféadfaidís iniúchadh a dhéanamh? Thabharfadh sé seo spreagadh dóibh a gcuid scrúdaithe féin a chruthú.